Tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an ról atá ag baill teaghlaigh a thugann aire do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta: an méadú ollmhór a tháinig ar an bhfeiniméan sin le linn na paindéime

[tuairim féintionscnaimh]

(2023/C 75/11)

Rapóirtéir: **Pietro Vittorio BARBIERI**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	24.2.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	29.9.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	170/0/0

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is cúis imní do CESE dálaí maireachtála na ndaoine sin a chuireann cúram fadtéarmach ar fáil do ghaolta atá faoi mhíchumas nó a bhfuil galar ainsealach agus meathlúcháin orthu, lena n-áirítear meath cognaíoch agus ailse.

1.2. Tá CESE á thabhairt dá aire gur éirigh na cásanna sin níos tromchúisí le linn phaindéim COVID-19, agus go bhfuil gá le bearta struchtúracha sna beartais shóisialta agus seirbhísí sóisialta.

1.3. Tá CESE á chur i bhfáth, d'fhonn na beartais shóisialta a bharrfheabhsú agus an tacaíocht riachtanach a chur in oiriúint chomh maith agus is féidir, gur gá teacht ar shainmhíniú coiteann ar ról agus stádas na mball teaghlaigh sin a chuireann cúram fadtéarmach ar fáil do ghaolta atá faoi mhíchumas nó a bhfuil galar ainsealach agus meathlúcháin orthu, lena n-áirítear meath cognaíoch agus ailse. Is gá freisin saintréithe na mbeart éagsúil a thabhairt le fios agus na bearta a rangú, agus meas a léiriú ar ról na ndaoine lena mbaineann, lena n-áirítear i réimse na seirbhísí pobail.

1.4. Tá CESE á thabhairt dá aire gur gá an feiniméan a shainiú tuilleadh trí bhíthin staidéir agus anailísí socheolaíocha agus staidreamh ina dtugtar aird ar thionchar an chúraim fhadtéarmaigh ar na cúramóirí muinteartha sin, is cuma iad a bheith fostaithe i bpost eile freisin nó gan a bheith.

1.5. Tá CESE den tuairim gur cheart, i gcás shaincheist seo na mball teaghlaigh a chuireann cúram ar fáil, an bainistiú a dhéantar air sin a bheith bunaithe ar bhearta comhpháirteacha idir na beartais phoiblí, na fostóirí tríd an idirphlé sóisialta agus, ar deireadh, na cúramóirí teaghlaigh féin agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, lena áirithiú go bhfuil siad uile rannpháirteach sa phróiseas ón gceapadh beartas poiblí go dtí cur chun feidhme na mbeartas sin.

1.6. Tá CESE á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé seirbhísí cosanta sláinte a áirithiú, lena n-áirítear cúram sláinte coisctheach agus sainscrúduithe sláinte rialta, agus oiliúint chuí a chur chun cinn maidir leis an gcaoi is fearr is féidir le daoine a chuireann cúram fadtéarmach ar fáil dá ngaolta aire a thabhairt dá sláinte féin.

1.7. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí suirbhéanna sonracha i gcrích sna scéimeanna náisiúnta pinsin le go bhféadfaí faisnéis a bhailiú d'fhonn an ceart chun cineálacha malartacha luacha saothair a rangú agus a chur in oiriúint dóibh siúd a bhfuil orthu éirí as a gcuid oibre chun aire a thabhairt go fadtéarmach do dhuine muinteartha a bhfuil galar ainsealach agus meathlúcháin air nó uirthi nó atá faoi mhíchumas.

1.8. Tuigeann CESE go bhfuil éagothromaíochtaí fós ann san earnáil sin idir fir agus mná agus tá sé ag iarraidh, i gcomhréir leis an tuairim *An Straitéis maidir le Comhionannas Inscne* ([1]), go ndéanfaí beart chun na héagothromaíochtaí sin a chomhrac, lena n-áirítear cur chun feidhme na moltaí a leagadh síos i dTreoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) a neartú agus a shoiléiriú.

1.9. Toisc go dtuigeann CESE go bhfuil easpa feasachta fós ann maidir le dálaí maireachtála na ndaoine lena mbaineann, tá sé ag iarraidh go mbunófaí Lá Eorpach mar aitheantas do na daoine sin a chuireann cúram fadtéarmach ar fáil dá ngaolta, beart trína bhféadfaí cur leis an bhfeasacht ar an bhfeiniméan seo agus beartais agus bearta tacaíochta iomchuí a spreagadh.

1.10. Tá CESE á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé seirbhísí agus tacaíocht a chur ar fáil le gur féidir leis an duine faoi mhíchumas cónaí sa bhaile, nó le gur féidir seirbhísí cúraim baile a chur ar fáil, agus béim ar leith ar na riachtanais sláinte agus altranais, maille le seirbhísí tacaíochta síceolaíochta don chúramóir agus don teaghlach nó don duine faoi mhíchumas.

1.11. Tá CESE á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go spreagfaí agus go ráthófaí na seirbhísí éigeandála i gcás teagmhais gan choinne a fhágann nach féidir cúram a chur ar fáil go fadtéarmach ná go sealadach, agus na seirbhísí ionaid a mhaolaíonn na héifeachtaí a bhíonn ag an ualach iomarcach agus fadtéarmach. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le faoiseamh cánach agus nósanna imeachta éascaithe lena laghdaítear an líon nósanna imeachta riaracháin a bhfuil dualgas ar chúramóirí a chur i gcrích.

1.12. Tá CESE den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach seirbhísí agus tacaíocht a chur ar fáil le go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas a bheith neamhspleách go pearsanta lasmuigh dá dteaghlaigh féin, lena n-áirítear trí dheiseanna chun an féinriar pearsanta a fhoghlaim, trí réitigh mhalartacha tithíochta agus conairí maireachtála neamhspleácha do dhaoine faoi mhíchumas. Is beartais iad sin, ar ndóigh, a mbíonn éifeacht dhearfach acu freisin ar an ualach cúraim a bhíonn ar bhaill teaghlaigh nach mbeadh an dara rogha acu, murach sin, ach cúram fadtéarmach a chur ar fáil.

1.13. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit aird a thabhairt ar bhearta a ghlacadh, lena n-áirítear trí bhíthin cúnamh airgid, chun cur i gcoinne an bhaoil atá ann go mbeadh daoine fágtha ar an ngannchuid — ainneoin beartais, seirbhísí agus tacaíocht shonrach a bheith ann chun cur ina choinne sin — toisc nach bhfuil an dara rogha acu ach éirí as fostaíocht íoctha ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha chun cúram fadtéarmach a chur ar fáil do dhuine muinteartha.

1.14. Tá CESE á áitiú freisin go gcuirfí chun cinn i mbeartais na mBallstát soláthar leordhóthanach seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán.

1.15. Tá CESE ag iarraidh go dtabharfaí tacaíocht do na fostóirí sin a chuireann socruithe oibre solúbtha agus pacáistí sochar chun cinn sa bhreis orthu sin a bhfuil foráil maidir leo cheana i rialacha na mBallstát, ar mhaithe leis na hoibrithe sin a chuireann cúram leanúnach ar fáil do bhaill teaghlaigh.

2. **Cur síos ar an bhfeiniméan**

2.1. Léirigh staitisticí a d'fhoilsigh Eurostat in 2018 maidir leis an réiteach idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh ([3]) go raibh níos mó ná 300 milliún duine san Aontas san aoisghrúpa 18-64 bliana d'aois agus go raibh freagrachtaí cúraim ar thart ar aon trian de na daoine sa ghrúpa sin. Ciallaíonn sé sin go raibh thart ar 100 milliún duine ag tabhairt aire do leanaí faoi bhun 15 bliana d'aois agus/nó do bhaill teaghlaigh ar éagumas (daoine breoite, daoine scothaosta agus/nó daoine faoi mhíchumas) atá 15 bliana d'aois nó níos sine. Os a choinne sin, ní raibh aon fhreagrachtaí cúraim ar thart ar 200 milliún duine san Aontas Eorpach. Maidir leo siúd a mbíonn freagrachtaí cúraim orthu, bhí an tromlach (74 %) ag tabhairt aire do leanaí faoi bhun 15 bliana d'aois a raibh cónaí orthu sa teaghlach céanna. Den 26 % eile, bhí 3 % ag tabhairt aire do leanaí a bhí ina gcónaí lasmuigh den teaghlach, 7 % ag tabhairt aire do leanaí laistigh agus lasmuigh den teaghlach, 4 % ag tabhairt aire do leanaí agus do bhaill teaghlaigh ar éagumas agus an 12 % eile ag tabhairt aire do bhaill teaghlaigh ar éagumas amháin.

([1]) IO C 364, 28.10.2020, lch. 77.
([2]) Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch. 79).
([3]) *Reconciliation of work and family life*, Eurostat 2018.

2.2. In 2018, bhí freagrachtaí cúraim ar dhuine as gach triúr san Aontas san aoisghrúpa 18-64 bliana d'aois (34,4 %, i gcomparáid le 65,6 % nach raibh aon fhreagrachtaí den chineál sin orthu). Seo a leanas an miondealú ar fhreagrachtaí cúraim sa ghrúpa sin: is do leanaí níos óige ná 15 bliana d'aois a bhí 28,9 % ag tabhairt aire, bhí 4,1 % ag tabhairt aire do bhaill teaghlaigh ar éagumas a bhí níos sine ná 15 bliana d'aois agus níos lú ná 2 % a bhí ag tabhairt aire do leanaí óga agus baill teaghlaigh ar éagumas.

2.3. Ba mhná iad formhór na ndaoine sin a bhí ag tabhairt aire do bhaill teaghlaigh ar éagumas: 63 % i gcomparáid le 37 % de na fir. Maidir leis na haoisghrúpaí a cuireadh san áireamh (18-64 bliana), ba sna haoisghrúpaí is sine a bhformhór: 48,5 % idir 55 agus 64 bliana d'aois agus 35 % idir 45 agus 54 bliana d'aois. Ní raibh ach 5,5 % san aoisghrúpa 18-44 bliana d'aois.

2.4. Ar an iomlán, sna Stáit sin ar Ballstáit iad (27 a líon) agus nach Ballstáit níos mó iad (1 a líon), sin le rá ocht Stát is fiche, bhí bearna 3,3 pointe céatadáin idir líon na bhfear (2,5 %) agus líon na mban (5,9 %) a thug le fios gur laghdaigh siad a n-uaireanta oibre nó gur éirigh siad as a gcuid oibre ar feadh níos mó ná mí amháin ina bpost reatha nó sa phost a bhí acu roimhe sin chun aire a thabhairt do ghaolta atá breoite, scothaosta agus/nó faoi mhíchumas. Bhí an bhearna ba mhó ann sa Bhulgáir (6,8 pointe céatadáin) agus an bhearna ab ísle sa Chipir (1,1. pointe céatadáin), agus ba mhná níos minice ná fir a d'athraigh a saol oibre (Eurostat, 2018).

2.5. In 2018, thug 29,4 % d'fhostaithe na 28 mBallstát le fios go raibh an deis acu, i gcoitinne, uaireanta solúbtha (oiriúnaithe) a oibriú, mar aon le laethanta iomlána saoire a ghlacadh, ar chúiseanna a bhain le cúram do dhaoine. Mar sin féin, tugadh faoi deara go raibh difríochtaí ann ó Bhallstát go chéile. Sa tSlóivéin (60,4 %), agus ina dhiaidh sin san Fhionlainn (57,1 %) agus sa Danmhairg (55,1 %), a taifeadadh an ráta is airde fostaithe a raibh deis acu leas a bhaint as uaireanta oibre solúbtha agus saoire le freagrachtaí cúraim a chur i gcrích. Ba san Ungáir (7,5 %), sa Pholainn (7,3 %) agus sa Chipir (3,8 %) a bhí na rátaí ab ísle. Os a choinne sin, thug duine as gach ceathrar fostaithe (25,2 %) le fios nach raibh an deis acu leas a bhaint as uaireanta oibre solúbtha ná laethanta iomlána saoire le freagrachtaí cúraim a chur i gcrích. Maidir leo siúd a raibh na deiseanna sin acu, bhí difríochtaí móra idir na Ballstáit — 6,9 % sa Laitvia agus 7,7 % sa tSlóivéin ach 58,6 % sa Pholainn agus 58,7 % sa Chipir (Eurostat, 2018).

2.6. Éifeacht ar an tsláinte: in 2009, bhuaigh Elizabeth Blackburn, Carol Greider agus Jack Szostak Duais Nobel an Leighis nuair a léirigh siad an tionchar bitheolaíoch a bhíonn ag an strus is gnách a bheith ar chúramóirí fadtéarmacha. Is é an éifeacht a bhíonn ag an gcúram fadtéarmach ar mháithreacha leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu go ngiorraítear fad theiliméirí na mban sin idir naoi mbliana agus seacht mbliana déag. Tacaíonn foilseacháin na heolaíochta idirnáisiúnta den chuid is mó leis an tionchar a bhíonn ag an strus fadtéarmach sin.

2.7. Le linn na héisteachta an 4 Iúil 2022, thug an Coimisiún Eorpach le fios go gcaitear idir 33 bhilliún agus 39 mbilliún uair an chloig sa bhliain i mbun cúram neamhfhoirmiúil, rud is coibhéis i luach le idir 2,4 % agus 2,7 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais. Níl i gceist sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, is é sin an méid a infheistíonn an tAontas i dtionscadail nuálacha don todhchaí, ach níos lú ná leath den mhéid sin, nó thart ar 1,02 % de OTI an Aontais.

2.8. Léiríonn scéalta na ndaoine sin a thugann aire do ghaolta, scéalta a bhailigh eagraíochtaí neamhrialtasacha daoine faoi mhíchumas, go mbíonn srianta móra ar na deiseanna a bhíonn acu le haghaidh caidreamh sóisialta, agus chun páirt a ghlacadh go rialta in imeachtaí cultúrtha agus spóirt, sin mar gheall ar na freagrachtaí cúraim phearsanta atá orthu nach féidir a thuar go minic agus ar an easpa roghanna eile atá ar fáil mar mhalairt ar an gcúram sin, rud is measa fós go minic mar gheall ar an easpa ama shaoir agus spáis faoisimh atá acu.

2.9. Maidir leis na freagrachtaí cúraim fhadtéarmaigh i leith gaolta atá faoi mhíchumas, nó a bhfuil galar ainsealach agus meathlúcháin orthu, tugann an fhianaise staidrimh agus scéalta pearsanta le fios go bhfuil éagothromaíocht inscne i gceist leo agus gur ar mhná, den chuid is mó, a thiteann an t-ualach breise sin. I measc na n-éifeachtaí is mó a bhíonn ag na freagrachtaí sin tá cúramóirí a mbíonn orthu éirí as a bpost, go gcuirtear bac ar an dul chun cinn is féidir leo a dhéanamh i ngairm, nach bhfuil an dara rogha acu ach post páirtaimseartha a ghlacadh agus, ar bhonn níos ginearálta, go n-éiríonn siad níos boichte ó thaobh nithe saolta agus nithe eile de.

2.10. San Aontas Eorpach, thug 25 % de mhná agus 3 % d'fhir le fios nach féidir leo teacht ar fhostaíocht íoctha, nó nach féidir leo ach a bheith ag obair go páirtaimseartha mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim atá orthu i leith gaolta, daoine óga, daoine scothaosta agus daoine breoite ([4]).

2.11. Na daoine a éiríonn as an obair, is minic nach mbíonn clúdach ranníocaíochtaí slándála sóisialta le haghaidh pinsean seanaoise acu, agus gur minic an baol ann, dá bhrí sin, gur ag brath ar an gcóras leasa shóisialta nó tacaíochta bochtaineachta a bheidh siad i ndeireadh a saoil.

2.12. Nuair a dhéantar seirbhísí pearsanta agus teaghlaigh a chiorrú agus a laghdú, cé nach ar an gcaoi chéanna a dhéantar sin ó Bhallstát go chéile, cuirtear ualach níos mó fós ar na daoine sin a chuireann cúram fadtéarmach ar fáil dá ngaolta atá faoi mhíchumas, nó a bhfuil galar ainsealach agus meathlúcháin orthu, lena n-áirítear ailse.

2.13. Ós rud é nach bhfuil obair na gcúramóirí sin faoi chuimsiú caidreamh fostaíochta, níl bearta cosanta sláinte ná bearta coisctheacha in aghaidh drochshláinte i bhfeidhm maidir leo, murab ionann agus oibrithe fostaithe.

2.14. Nuair a fhéachtar ar scéalta na ndaoine sin a thugann aire do ghaolta, is minic gníomhaíochtaí cúraim fhadtéarmaigh (i measc gníomhaíochtaí eile) ina rogha oibleagáideach nó éigeantach de thoradh easpa seirbhísí cúraim, nó nach mian leis an gcúramóir an duine muinteartha a chur go hionad cónaithe (institiúidiú); fiú sna cásanna sin ina bhfuil caighdeán maith seirbhísí ar fáil, bíonn ualach cúraim measartha trom fós ann.

2.15. Is minic nach mbíonn daoine faoi mhíchumas in ann saol neamhspleách a chaitheamh de thoradh iad a bheith ag brath an oiread sin ar a dteaghlach féin, sin de bharr easpa roghanna, cúnaimh agus tacaíochta.

2.16. Tugadh le fios i dtaighde de chuid Eurofound *Living, working and COVID-19* ([5]), a rinneadh le linn na paindéime, gur tháinig méadú mór ar na freagrachtaí cúraim baile foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus gur tháinig laghdú ar úsáid an chúraim in ionaid chónaithe.

2.17. Maidir leis an gcaiteachas ar an gcosaint shóisialta sna Ballstáit, is mó de, lena n-áirítear ar bhonn straitéiseach, a chaitear ar dhaoine a chur go hionaid chónaithe, ina mbíonn siad scoite amach ón bpobal go minic, ná ar bheartais chun tacú leis na daoine sin maireachtáil go neamhspleách agus le go mbeadh saol neamhspleách acu, in ainneoin phrionsabail agus threoirlínte Straitéis an Aontais maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, inar iarr an Coimisiún Eorpach ar na Ballstáit dea-chleachtais maidir le dí-institiúidiú a chur chun feidhme i réimse na meabhairshláinte agus i ndáil le gach duine faoi mhíchumas, lena n-áirítear leanaí, chun an t-aistriú ó chúram institiúideach go seirbhísí tacaíochta pobalbhunaithe a neartú.

2.18. Maidir le feiniméan an ualaigh cúraim róthrom, tá baint aige le réimse leathan daoine arb iad a gcúinsí sonracha siúd a mhúnlaíonn déine, fad agus cineál an chúraim a sholáthraítear, mar aon le méadú ar an déine de réir a chéile, rud a chruthaíonn ualach róthrom. Ar na daoine sin tá daoine faoi mhíchumas meabhrach, daoine faoi mhíchumas mór intleachta, daoine ar a bhfuil néaltrú seanaoise, galair ainsealacha nó mheathlúcháin, nó ailse. Ina lán cásanna fágtar fiú an chuid sin den chúram a bhaineann go sonrach leis an tsláinte faoi chúram an chúramóra.

2.19. Ainneoin na ndifríochtaí éagsúla, tá roinnt steiréitíopaí fós ann a bhaineann le gníomhaíochtaí cúraim a chuireann daoine muinteartha ar fáil, mar shampla an tuiscint mhícheart nach bhfuil an dara rogha ann sna cásanna sin nó, gur rogha mhothúchánach chomhfhiosach atá ann a rinne an cúramóir muinteartha féin. Tríd an gcúram pearsanta a bhrú ar ghaolta an duine faoi mhíchumas, cuirtear bac, i gcásanna sonracha áirithe, ar an duine sin maireachtáil go neamhspleách, agus bíonn orthu géilleadh i dtaca leis na roghanna agus na deiseanna atá acu chun a rud féin a dhéanamh sa saol, sin nó go mbíonn teorainn leis na roghanna agus na deiseanna sin.

2.20. Ainneoin na ndifríochtaí móra idir cháilíocht na seirbhísí tacaíochta éagsúla, tá an chaoi a ndéileáiltear le héigeandálaí (breoiteacht ar an gcúramóir, géarchúram i gcásanna áirithe, éigeandálaí tithíochta, coimhlint agus strus leanúnach, etc.) ina thoisc thábhachtach nuair is cás eisceachtúil atá ann agus maidir leis an strus agus an imní a bhaineann lena leithéid.

([4]) Pointe 3.8. den tuairim IO C 194, 12.5.2022, lch. 19.
([5]) https://www.eurofound.europa.eu/publications/report/2020/living-working-and-covid-19

2.21. I gcásanna ina bhfuil brú mór ann agus nach bhfuil an dara rogha ann ach cúram a fháil ó dhuine muinteartha, is cúis mhór agus nádúrtha imní é go dtiocfadh deireadh leis an gcúram sin (toisc an cúramóir a neamhspleáchas a chailleadh, nó de thoradh galar meathlúcháin, nó de thoradh seanaoise nó báis). Méadaítear ar an imní sin i gcásanna nach bhfuil aon rogha eile inoibrithe cúraim ann. Nuair is i dtuilleamaí duine muinteartha amháin atá duine le cúram a fháil, tarlaíonn sé, go háirithe i gcásanna géarchúraim, go ndéantar an t-aonad teaghlaigh a leithlisiú, agus gur féidir na héifeachtaí a bhíonn aige sin a thuar, éifeachtaí nach féidir smacht a fháil orthu uaireanta.

2.22. Níl aon aitheantas aonfhoirmeach i ndlí an Aontais dóibh siúd a thugann aire do ghaolta a bhfuil galar ainsealach nó meathlúcháin orthu, nó atá faoi mhíchumas, lena n-áirítear easpa aitheantais don tábhacht a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraíonn na daoine sin, agus freisin do na rioscaí agus na riachtanais a bhaineann lena gcuid oibre.

2.23. Is cosúil go bhfuil an méadú ar an leithlisiú, ar rioscaí agus ar mhíbhuntáistí nasctha le cáilíocht agus cainníocht na seirbhísí a sholáthraítear don teaghlach, don duine, don mhíchumas agus don deis maireachtáil go neamhspleách, mar aon le seirbhísí baile, go háirithe seirbhísí sláintíochta agus athshlánúcháin. Mar sin féin, níl aon staidéar ann inar aithníodh agus inar sainíodh go cinnte gach gné den nasc sin ná inar luadh dea-chleachtais a d'fhéadfadh a bheith ann.

2.24. I dTreoir (AE) 2019/1158 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí, leagadh síos sraith beart trína ndéanfaí an éagothromaíocht inscne sa chúram teaghlaigh a chúiteamh, mar aon le bearta breise chun cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir na dualgais chúraim agus an t am oibre. Cé is moite den anailís ar an bhfíorthionchar sna Ballstáit, ní bhaineann an Treoir le cúramóirí muinteartha nach bhfuil fostaithe in áit eile, a d'éirigh as a gcuid oibre nó atá ar scor.

2.25. Tugadh le fios le linn éisteacht de chuid an ghrúpa staidéir théamaigh um chearta daoine faoi mhíchumas an 16 Meán Fómhair 2021 gurb é a tharlaíonn i roinnt mhaith cásanna gur eagraíochtaí seachbhrabúsacha de chuid a muintire féin a thugann tacaíocht do dhaoine a chuireann cúram fadtéarmach ar fáil do ghaolta atá faoi mhíchumas nó a bhfuil galar ainsealach nó meathlúcháin orthu.

2.26. Sna 27 mBallstát, tá thart ar 6,3 milliún duine ag obair in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh, sin 3,2 % de lucht saothair iomlán an Aontais (bunaithe ar shonraí ón suirbhé ar an bhfórsa saothair, 2019). Tá difríochtaí móra ann idir na Ballstáit. Is dócha go léiríonn an ráta an-íseal i roinnt tíortha (1,8 % nó faoina bhun sa Bhulgáir, sa Chipir, sa Chróit, san Eastóin, sa Ghréig, san Iodáil, sa Liotuáin, sa Pholainn, sa Rómáin agus san Ungáir) an spleáchas ar an gcúram neamhfhoirmiúil (teaghlaigh) sna tíortha sin (agus an spleáchas ar chúramóirí baile arna bhfostú ag teaghlaigh, rud nach n-áirítear sna staitisticí sin).

2.27. I staidéar de chuid Eurofound (2020) tugadh le fios go bhfuil an tuarastal sa chúram fadtéarmach agus i seirbhísí sóisialta eile 21 % faoi bhun an mheáin agus rinneadh achainí ar son an chómhargáil a chur chun cinn san earnáil sin chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb ([6]).

3. **Beartas a chabhraíonn leis na cúramóirí**

3.1. Is gá teacht ar shainmhíniú coiteann ar ról agus stádas na mball teaghlaigh sin a chuireann cúram fadtéarmach ar fáil do ghaolta atá faoi mhíchumas nó a bhfuil galar ainsealach agus meathlúcháin orthu, lena n-áirítear meath cognaíoch agus ailse, ina dtabharfaí le fios saintréithe na mbeart éagsúil agus na bearta a rangú — sainmhíniú a chabhróidh leis an stádas, na beartais agus na seirbhísí tacaíochta atá sna Ballstáit a aithint.

3.2. In athbhreithniú cuimsitheach ar bheartais leasa shóisialta, tugadh le fios go bhfuil gá agus deis ann rannpháirtíocht na saoránach (na cúramóirí agus na cleithiúnaithe) a urramú agus a áirithiú i bpleanáil chomhpháirteach na seirbhísí sin a bhaineann leo agus, roimhe sin arís, sa cheapadh beartas straitéiseach.

3.3. D'fhonn an feiniméan sin a shainiú, is gá staidéar a dhéanamh ar staid agus ar dhálaí maireachtála na ndaoine sin a chuireann cúram fadtéarmach ar fáil do ghaolta atá faoi mhíchumas nó a bhfuil galar ainsealach agus meathlúcháin orthu, lena n-áirítear meath cognaíoch agus ailse.

([6]) Eurofound (2020), *Long-term care workforce: Employment and working conditions.*

3.4. Le go mbeidh faisnéis chruinn ar fáil don cheapadh beartas sa réimse seo, ba cheart do Eurostat an suirbhé *Reconciliation of work and family life* (2018) a thabhairt cothrom le dáta agus tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an gcúram fadtéarmach ar na cúramóirí muinteartha, is cuma iad a bheith fostaithe i bpost eile freisin nó gan a bheith.

3.5. Ba cheart cosaint sláinte a ráthú do na daoine sin a chuireann cúram fadtéarmach ar fáil dá ngaolta, lena n-áirítear árachas seachanta riosca i gcoinne timpistí le linn dualgais chúraim a bheith á gcomhlíonadh, agus i gcoinne galar agus drochshláinte mar thoradh ar dhualgais chúraim, cosaint a bheadh iomchuí agus chomh gar agus is féidir don chosaint a ráthaítear maidir le hoibrithe fostaithe agus daoine féinfhostaithe.

3.6. Ba cheart anailísí eacnamaíocha, dlí agus tionchair a dhéanamh d'fhonn critéir choiteanna, chothroma agus inbhuanaithe a chinneadh maidir le haitheantas a thabhairt do na dálaí diana oibre a bhaineann leis an gcúram fadtéarmach do ghaolta sna cásanna sin ina bhfuil an cúramóir fostaithe i bpost eile ag an am céanna.

3.7. Ba cheart freisin anailísí eacnamaíocha, dlí agus tionchair a dhéanamh d'fhonn bearta tacaíochta eacnamaíocha a shainaithint dóibh siúd a éiríonn as a gcuid oibre chun aire a thabhairt do ghaolta scothaosta nó do ghaolta a bhfuil galar ainsealach agus meathlúcháin orthu nó atá faoi mhíchumas.

3.8. I gcomhréir leis an tuairim *An Straitéis maidir le Comhionannas Inscne* ([7]), is gá bearta a ghlacadh chun na héagothromaíochtaí idir fir agus mná a mhaolú i réimse an chúraim fhadtéarmaigh do dhaoine muinteartha, lena n-áirítear cur chun feidhme na moltaí a leagadh síos i dTreoir (AE) 2019/1158 a neartú.

3.9. Tá an rath a bhíonn ar na beartais agus na seirbhísí do bhaill teaghlaigh a chuireann cúram fadtéarmach ar fáil, agus an éifeacht a bhíonn leo, ag brath go mór ar na beartais agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas ar mhian leo, nó a d'fhéadfadh, maireachtáil go neamhspleách, lena n-áirítear lasmuigh den aonad teaghlaigh bunaidh ainneoin go bhfuil siad ag brath ar an teaghlach don chúram.

3.10. Is léir go bhfuil an t-eolas agus an fheasacht ar an bhfeiniméan seo tearc go fóill agus teoranta do réimse beag breathnóirí agus gníomhaithe sóisialta. Is gá dul i ngleic leis an easpa feasachta sin, lena n-áirítear trí thionscnaimh ar leith, le go bhféadfar beartais agus bearta tacaíochta cuí a neartú agus a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go mbunófaí Lá Eorpach mar aitheantas do na daoine sin a chuireann cúram fadtéarmach ar fáil dá ngaolta.

3.11. Tá CESE ag tathant ar an Aontas Eorpach comhoibriú go dlúth leis na Ballstáit chun dálaí maireachtála na gcúramóirí fadtéarmacha cleithiúnaithe muinteartha agus a n-aonaid teaghlaigh a fheabhsú, agus chun a sheachaint gur rud éigeantach a bheadh sa chúram. Ba cheart an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna bearta sonracha a dhíreodh ar an gcuspóir sin:

— ról na ngeallsealbhóirí a aithint agus a urramú, lena n-áirítear i réimse na seirbhísí pobail,

— seirbhísí agus tacaíocht a chur ar fáil le gur féidir leis an gcleithiúnaí cónaí sa bhaile d'fhonn leithlisiú, imeallú agus ualach róthrom síceolaíoch agus fisiceach a sheachaint,

— seirbhísí cúraim baile a chur ar fáil, agus béim ar leith ar na riachtanais sláinte agus altranais;

— seirbhísí tacaíochta síceolaíochta a chur ar fáil don chúramóir agus don teaghlach,

— foráil a dhéanamh maidir le faoiseamh cánach agus bealaí éascaithe chun nósanna imeachta riaracháin a chur i gcrích,

— seirbhísí éigeandála a ráthú i gcás teagmhais gan choinne nó i gcásanna nuair nach féidir cúram a chur ar fáil,

— seirbhísí ionaid a áirithiú a mhaolaíonn na héifeachtaí a bhíonn ag an ualach iomarcach agus fadtéarmach choirp agus mheabhrach ar bhaill teaghlaigh,

— bearta a ghlacadh, lena n-áirítear trí bhíthin cúnamh airgid, chun cur i gcoinne an bhaoil atá ann go mbeadh duine a éiríonn as fostaíocht íoctha, nó a laghdaíonn an líon uaireanta oibre, agus, go ginearálta, an t-aonad teaghlaigh, fágtha ar an ngannchuid,

— soláthar leordhóthanach seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán a chur chun cinn i mbeartais na mBallstát,

([7]) IO C 364, 28.10.2020, lch. 77.

— deiseanna chun an féinriar pearsanta a fhoghlaim, réitigh mhalartacha tithíochta agus conairí maireachtála neamhspleácha do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, nuair is féidir,

— bearta tacaíochta maidir leis na cúramóirí muinteartha a chur chun feidhme go comhpháirteach idir na beartais phoiblí (ról na gcúramóirí muinteartha a aithint agus a neartú, infhaighteacht agus iontaofacht seirbhísí, sláinte na gcúramóirí, réitigh fhrithsheasmhachta a chur chun cinn, scéimeanna cosanta sóisialta agus scéimeanna cúitimh do chúramóirí, etc.) agus na fostóirí tríd an idirphlé sóisialta agus, ar deireadh, na cúramóirí muinteartha féin agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, lena áirithiú go bhfuil siad uile rannpháirteach sa phróiseas ón gceapadh beartas poiblí go dtí cur chun feidhme na mbeartas sin.

An Bhruiséil, an 26 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG